Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearadh

TÁ SÉ SEO OIRIÚNACH DON 4Ú RANG (RANG 4) AGUS INA DHIAIDH SIN

Tráth Bliana

Is féidir é seo a dhéanamh aon am den bhliain (Meán Fómhair-Feabhra is fearr).

Ceangal trasna an Churaclaim

SESE:	Dúile beo, feasacht & cúram imshaoil, staidéir áitiúla, taifeadadh, breathnú.
Matamaitic:	Tomhas, comhaireamh, taifeadadh, foghlaim ghníomhach.
Litearthacht:	Focail nua.
Ealaíon:	Líníocht, pleanáil, mapáil, cruthaitheacht, samhlaíocht.
OSPS:	Mé féin & an domhan i gcoitinne, foghlaim ghníomhach.
Curaclam Neamhfhoirmiúla:	Scoileanna Glasa, Discover Primary Science.

1 Struchtúr na coda seo

Ar an mbileog Tacaíochta Múinteora beidh 3 Chuid agat chun cabhrú leat leis an bpróiseas:

Cuid 1:
Gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le Garraí Orgánach scoile. (4 leathanach)

Cuid 2:
Suíomh Scoile agus Iniúchadh Garraí. (leathanach amháin)

Cuid 3:
Bileoga oibre le haghaidh Suíomh Scoile agus Iniúchadh Garraí. (Tá leathanach amháin in Iniúchadh a hAon, tá 2 leathanach in Iniúchadh 2)

2 Acmhainní atá de dhíth

- Léarscáil de thailte na scoile más féidir – mura mbíonn sé seo agat, ciallaíonn sé go gcaithfidh tú imlíne bunúsach d'fhoirgnimh agus de theorainneacha a sceitseáil.
- Roth landair má bhíonn siad agat nó miosúir.
- Bileoga Oibre Iniúchta.
- Cláir fáiscthe agus pinn luaidhe.
- Ceamara chun grianghraif de thalamh na scoile a thógáil ag an tús.
- Cailc, marcóirí, rialóir, pinn luaidhe srl.

3 Sláinte & Sábháilteacht

Cinntigh go bhfanann na daltaí go léir laistigh den ghrúpa. Bain úsáid as uirlisí ar bhealach slán. Cinntigh go níonn daltaí a lámha tar éis seisiún garraí.



Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearad ar lean.



4

Cuid 1:

Réamhrá ar na Gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le Garraí Orgánach Scoile

Nuair a bheartaíonn tú ar phlean chun garraí orgánach scoile a chruthú, beidh tú ag iarraidh réimse áiteanna chun bia a fhás, gnáthóg agus éiceachóras, ar féidir staidéar a dhéanamh orthu agus a úsáid mar sheomra ranga beo lasmuigh. Is féidir é seo a chruthú in aon spás, is cuma cé chomh beag. Tabharfaidh an seisiún pleanála seo éagsúlacht do thailte agus do gharraí na scoile.

Is é atá i gceist le garraí orgánach ná áit inar féidir glasraí, torthaí agus luibheanna a fhás, bláthanna, fálta agus crainn a chur. Tá sé tábhachtach chomh maith go mbíonn áiteanna sa gharraí inar féidir le fiadhúlra ithe, folcadh, codladh agus dul i bhfolach.

Agus muid ag garraíodóireacht go horgánach, ní úsáidimid aon cheimiceán, sprae ná leasú saorga. Déanaimid iarracht an méid agus is féidir a athchúrsáil agus is é an nádúr an bealach is fearr. Cruthóidh éagsúlacht éiceachóras & gnáthóg cothromaíocht sa gharraí. Is é an rún a bhaineann le garraí scoile orgánach maith ná féachaint ar conas a oibríonn an nádúr agus foghlaim uaidh. Leanann an córas seo treoirlínte dearaidh buantalmhaíochta bunúsacha.

Is liosta mianta é seo de roinnt gnéithe ar féidir iad a bheith agat i do gharraí scoile orgánach. Bain úsáid as do shamhlaíocht agus is féidir leat áit speisialta a chruthú inar féidir leat taitneamh a bhaint as garraíodóireacht, bheith ag ithe agus ag féachaint ar an dúlra thart ort. Léigh tríd an chéad liosta eile chun dul i dtaithí ar na gnéithe sula gcuirfidh tú faoi bhráid na leanaí iad.

Os rud é go mbeidh an obair seo á déanamh agat leis na páistí, tabhair páirt dóibh sa phróiseas. Tá míniú gearr de na gnéith thíos ar féidir a chur sa phlean – ní fiú go dtarlaíonn sé go léir in aon bhliain amháin – tá sé níos fearr más próiseas atá ann a tharlaíonn diaidh ar ndiaidh ach ar a laghad beidh plean agat chun tosú.





Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearad ar lean.



5 Gnéithe a bhaineann le Garraí Scoile Orgánach

Imlíne

Is é an aidhm leis seo ná dorchlaí dúlra a fhorbairt ar thailte scoile, ar nós fálta de sceacha dúchasacha, fálta de sceacha nádúrtha, ballaí cloiche beo, fálta sailí beo agus fál adhmaid. Sampla de phlandaí fáil dhúchasacha ná – sceach gheal, draighneán donn, trom, coll, cuileann, caor chon, feirdhris, rós dreapach agus féithleann.

Coill Dúchasach

Is gnáthóga fiadhúlra agus linn CO2 tábhachtacha iad coillte dúchasacha. Is féidir iad a bheith chomh beag nó chomh mór agus atá uait (íosmhéid trí go cúig chrann). Áirítear ar chrainn dhúchasacha: dair, beith, sail, fearnóg agus fuinnseog. Bí ag ceiliúradh Lá Náisiúnta na gCrann trí chrann a chur, bailigh síolta san fhómhar agus cur do chrainn féin ó na síolta. Cén tábhacht a bhaineann le crainn dhúchasacha?

Plota glasraí

Déan ceapacha ardaithe le haghaidh do ghlasraí. Cuir cineálacha síolta orgánacha nó oidhreachta, cruthaigh ithir shláintiúil, bain úsáid as uainíocht na mbarr, bain úsáid as leasuithe nádúrtha (faigh aoileach áitiúil), bain úsáid as srianadh nádúrtha lotnaidí agus salachair. Cad iad na glasraí ar féidir a fhás in Éirinn? Déan liosta.

Torthaí/Úllord

Déan iarracht cineálacha dúchasacha agus seanoidhreachta úll, plumaí agus piorraí a chur. Cuir sútha craobh, spíonáin agus éagsúlacht cuiríní faoi na crainn mhóra seo. Plandaí cuideachta a thacaíonn leis an éiceachóras ná luibheanna ar nós meacan compair agus miontais. Is féidir é a bheith chomh beag nó chomh mór agus atá uait (íosmhéid trí chrann). Déan taighde ar na torthaí ar féidir a fhás in Éirinn, chuirfeadh sé iontas ort.

Luibheanna

Baineann feidhmeanna míochaineacha agus cócaireachta le luibheanna agus is féidir iad a úsáid le haghaidh taenna luibhe. Bíonn tairbhe ag baint le luibheanna chun feithidí a mhealladh. Liostaigh na plandaí luibhe atá ar eolas agat.

Bláthanna agus Tománna

Meallann bláthanna feithidí tairbheacha, ar nós féileacán agus beacha gabhair, is pailneoirí tábhachtacha iad seo sa gharraí. Tá dathanna agus bolaithe geala agus difriúla, is féidir roinnt díobh a ithe, is féidir síolta a phreabadh, a thriomú, agus is féidir na cinn síolta a úsáid chun na héin a bheathú san fhómhar.

Léana

B'fhéidir go bhfuil páirc peile ar do thailte scoile, nó áit éigin ina gcoimeádtar an féar lom. Más féidir, fág roinnt áiteanna ina bhfuil féar fada. Tá an-chuid bealaí chun bearrthaí féir a úsáid in ionad iad a chaitheamh i gcúinne. Déan iad a rácáil i gcarn agus clúdaigh iad le cairpéad nó plaisteach dubh ar feadh bliana chun múirín a dhéanamh, cuir méideanna beaga leis an gcarn múirín, cuir roinnt díobh leis na cairn gharbha, mótáil thart ar fhálta/chrainn, thoir thorthaí/ cheapacha móta le bearrthaí cairtchláir agus féir, mótáil iad agus lig dó an féar a bheathú go díreach.

Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearad ar lean.



5 Gnéithe a bhaineann le Garraí Scoile Orgánach

Imlíne

Is é an aidhm leis seo ná dorchlaí dúlra a fhorbairt ar thailte scoile, ar nós fálta de sceacha dúchasacha, fálta de sceacha nádúrtha, ballaí cloiche beo, fálta sailí beo agus fál adhmaid. Sampla de phlandaí fáil dhúchasacha ná – sceach gheal, draighneán donn, trom, coll, cuileann, caor chon, feirdhris, rós dreapach agus féithleann.

Coill Dúchasach

Is gnáthóga fiadhúlra agus linn CO2 tábhachtacha iad coillte dúchasacha. Is féidir iad a bheith chomh beag nó chomh mór agus atá uait (íosmhéid trí go cúig chrann). Áirítear ar chrainn dhúchasacha: dair, beith, sail, fearnóg agus fuinnseog. Bí ag ceiliúradh Lá Náisiúnta na gCrann trí chrann a chur, bailigh síolta san fhómhar agus cur do chrainn féin ó na síolta. Cén tábhacht a bhaineann le crainn dhúchasacha?

Plota glasraí

Déan ceapacha ardaithe le haghaidh do ghlasraí. Cuir cineálacha síolta orgánacha nó oidhreachta, cruthaigh ithir shláintiúil, bain úsáid as uainíocht na mbarr, bain úsáid as leasuithe nádúrtha (faigh aoileach áitiúil), bain úsáid as srianadh nádúrtha lotnaidí agus salachair. Cad iad na glasraí ar féidir a fhás in Éirinn? Déan liosta.

Torthaí/Úllord

Déan iarracht cineálacha dúchasacha agus seanoidhreachta úll, plumaí agus piorraí a chur. Cuir sútha craobh, spíonáin agus éagsúlacht cuiríní faoi na crainn mhóra seo. Plandaí cuideachta a thacaíonn leis an éiceachóras ná luibheanna ar nós meacan compair agus miontais. Is féidir é a bheith chomh beag nó chomh mór agus atá uait (íosmhéid trí chrann). Déan taighde ar na torthaí ar féidir a fhás in Éirinn, chuirfeadh sé iontas ort.

Luibheanna

Baineann feidhmeanna míochaineacha agus cócaireachta le luibheanna agus is féidir iad a úsáid le haghaidh taenna luibhe. Bíonn tairbhe ag baint le luibheanna chun feithidí a mhealladh. Liostaigh na plandaí luibhe atá ar eolas agat.

Bláthanna agus Tománna

Meallann bláthanna feithidí tairbheacha, ar nós féileacán agus beacha gabhair, is pailneoirí tábhachtacha iad seo sa gharraí. Tá dathanna agus bolaithe geala agus difriúla, is féidir roinnt díobh a ithe, is féidir síolta a phreabadh, a thriomú, agus is féidir na cinn síolta a úsáid chun na héin a bheathú san fhómhar.

Léana

B'fhéidir go bhfuil páirc peile ar do thailte scoile, nó áit éigin ina gcoimeádtar an féar lom. Más féidir, fág roinnt áiteanna ina bhfuil féar fada. Tá an-chuid bealaí chun bearrthaí féir a úsáid in ionad iad a chaitheamh i gcúinne. Déan iad a rácáil i gcarn agus clúdaigh iad le cairpéad nó plaisteach dubh ar feadh bliana chun múirín a dhéanamh, cuir méideanna beaga leis an gcarn múirín, cuir roinnt díobh leis na cairn gharbha, mótáil thart ar fhálta/chrainn, thoir thorthaí/ cheapacha móta le bearrthaí cairtchláir agus féir, mótáil iad agus lig dó an féar a bheathú go díreach.

Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearad ar lean.



5

Fál, cruinneachán nó struchtúr Sailí beo
Is féidir saileach a úsáid chun réimse dealbh beo a dhéanamh ó fhálta agus áirsí praiticiúla chun spás garraí a fhrámú, go spáis súgartha níos spraiúla do leanaí ar nós cruinneacháin agus tolláin.

Boscaí éan agus laltóg
Is féidir iad a dhéanamh mar chuid de thionscadal scoile, bain úsáid as adhmad fuílll más féidir, cuir suas ar fhoirgneamh scoile i spota faoi fhothain, breathnaigh ar aon ghníomhaíocht agus déan taifead uirthi.

Gnáthóg portaigh
Tá gnáthóga portaigh tábhachtach mar linne/stórtha uisce agus CO2, agus mar ghnáthóga annamha d'fhiadhúlra agus do phlandaí chomh maith. Is féidir an ghnáthóg phortaigh a ionchorprú in áit fhorsceite locháin

Áis spraoi/suigh
Is maith an rud é áit spraoi a chur isteach i do gharraí, áit ar féidir le daltaí suí síos agus taitneamh a bhaint as an dúlra agus as an ngarraí Áirítear ar na féidearthachtaí: ámóga, suíochánra adhmaid, áiteanna spraoi agus poill ghainimh. Rogha eile atá ann ná ciumhais adhmaid leathan ar bharr na bhfrámaí leapa glasraí.

Bailitheóir uisce
Is acmhainn thábhachtach é uisce agus caithfimid é a chaomhnú. D'fhéadfadh bailitheoirí uisce, a bhfuil clúdach orthu, a bheith saorsheasamhach nó ceangailte le gáitéarlach fhoirgneamh na scoile. Sábhálann siad uisce báistí ó na draenacha agus is féidir iad a úsáid chun uisce a chur ar an ngarraí sa samhradh.

Córas cearr camras
Tarraingíonn sé aird ar an áit a théann ár bhfuíoll. Is córas séarachais malartach iad Leapacha Giolcaí, baineann siad úsáid as giolcacha agus plandaí/ giolcacha speisialta chun uisce leithris a ghlanadh.

Climbing plants/Plandaí dreapadóireacht
Úsáid mhalartach spáis le haghaidh plandaí fáis, ag baint úsáid as spásanna balla/fáil le haghaidh dreapairí agus torthaí. Go maith chun ballaí coincréite liatha a ghealadh.

Foinsí athrach fuinneamh
Tarraingíonn sé aird ar cad as a dtagann fuinneamh. Roinnt de na roghanna fuinneamh in-athnuaite seo ná muilte gaoithe, painéil ghréine, cumhacht uisce, srl. Is féidir leat stáisiún aimsire a bhunú sa scoil chun báisteach, teochtaí garraí, srl. a thomhas. Déan iniúchadh fuinnimh ar do scoil – (is féidir é seo a dhéanamh faoi Chlár na Scoileanna Glasa), cé mhéad fuinnimh atá á chur amú?

Garraí & tailte scoile a iniúchadh, a phleanáil agus a dhearad ar lean.

6

Cuid 2: Suíomh Scoile Imshaoil agus Iniúchadh Garraí

Cabhraíonn an chuid seo chun cabhrú leat do gharraí scoile a mheas le céimeanna praiticiúla simplí.

Céim 1:
Tabhair isteach Gnéithe Gharraí Orgánach na Scoile (thuas). Pléigh cén tairbhe a bhaineann le gach gné i ngarraí na scoile.

Céim 2:
Is féidir an tIniúchadh Suímh a dhéanamh leis an rang, taobh amuigh más féidir, ar thailte na scoile. Téigh trí rialacha na scoile roimh dhul amach. Is féidir an bhileog Iniúchta Suímh a thabhairt amach don rang (d'fhéadfadh siad obair i ngrúpaí beirte) ar mhaidin an tseisiúin dearaidh, i dtreo is go mbeadh na leanaí in ann páirt a ghlacadh i ndearadh an gharraí.

Céim 3:
Siúil timpeall thailte na scoile leis an rang. Bain úsáid as an mbileog iniúchta suímh chun a bhfuil i dtailte na scoile cheana féin a threoshuí, a mheas agus a sceitseáil, m.s. foirgnimh scoile, fálta sceach reatha srl. Déan méid shuíomh na scoile a thomhas, ag baint úsáid as rotha landair/miosúr nó coiscéimeanna

Buntomhais:
1méadar = thart ar. 3 throigh 3" = 39" = 100cm
1 céim mhór = 1 méadar
1 coiscéim = 0.3 méadar

Céim 4:
Fill ar an rang. Ar an gclár dubh, sceitseáil tailte na scoile nó bain úsáid as léarscáil atá méadaithe. Cuir tús leis an bpróiseas dearaidh leis an rang, a g obair go tomhaiste trí gach eilimint den Gharraí Scoile molta..

Céim 5:
Tar éis an tseisiúin, tóg grianghraf den léarscáil agus sceitseáil léarscáil níos cruinne i dtreo is go mbeidh dearadh críochnaithe ag an scoil ag deireadh an lae. Taispeántar an léarscáil seo ansin sa scoil ar chlár fógra chun cainteanna a spreagadh, agus chun an cheist a phlé, cad í ár dtriall ó seo?

Céim 6:
Leag amach plean gnímh don bhliain i ngarraí na scoile, cad is féidir a bhaint amach go réadúil, sa chéad bhliain, sa dara bliain, srl.

Bileog Iniúchta Suímh 1
- Iniúchadh ar Shuíomh agus ar Gharraí Scoile

1

Iniúchadh ar Shuíomh agus ar Gharraí Scoile

Agus an sceitse garbh á dhéanamh agat – cinntigh an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Foirgnimh scoile reatha.
- Aon fhoirgneamh (réamhdhéanta) pleanáilte.
- Áiteanna atá clúdaithe le coincréit.
- Aon ghné reatha m.s. crainn, fálta, abhainn, locháin, teach gloine.
- Aon áit spraoi, áit suí, carrchlós, seastán rothar srl.

Caithfidh tú roinnt gnéithe a ghlacadh san áireamh:

- Cá bhfuil ó thuaidh agus ó dheas?
- Déan nóta de threo na gréine – go mbíonn ag dul siar.
- Cén treo a bhfuil an ghaoth ag an am? (in Éirinn aniar aneas de ghnáth).
- Cén fána atá agat, agus cén treo a bhfuil sé?
- An bhfuil tú ag bun cnoic, nó faoi scáth aon fhoraois nó sliabh?
- An bhfuil aon chuid den talamh i mbaol tuilte?

Ag baint úsáid as an eolas thuas, déan measúnú ar na háiteanna ar do léarscáil is féidir a úsáid do thionscadail. Cuimhnigh, níl anseo ach liosta mianta.

Cuir i bhfeidhm gach gné d'iniúchadh gharraí na scoile agus ná déan dearmad leas a bhaint as do shamhlaíocht chun teacht ar aon smaoineamh eile a d'fhéadfadh a bheith ann, m.s.

- Plandaí andúchasacha.
- Áit taispeántais lasmuigh.
- Garraí na gcéadfaí.
- Garraí ciúin.



Bileog Iniúchta Suímh 2
– Pleanáil do sheomra scoile lasmuigh

2

Pleanáil do sheomra scoile lasmuigh

- An bhfuil fál sceach nó balla cloiche nádúrtha ag do scoil? _____
- An bhfuil coill (beag nó mór) ag do scoil? _____
- An bhfuil plota glasraí ag do scoil? _____
- An bhfuil úllord agus/nó toir thorthaí ag do scoil? _____
- An bhfuil aon luibh ag fás i do scoil? _____
- An bhfuil garraí bláthanna ag do scoil? _____
- An bhfuil léana ag do scoil? _____
- An bhfuil áiteanna fiáine ag do scoil (cluain luasanna fiáine/cairn lomáin srl.)? _____
- An bhfuil lochán ag do scoil? _____
- An bhfuil tollán nó teach gloine ag do scoil? _____
- An bhfuil bothán ag do scoil? _____
- An bhfuil aon ainmhí clóis nó feirme ag do scoil? _____
- An bhfuil córas muirín ag do scoil? _____
- An ndéanann do scoil athchúrsáil ar an méid seo a leanas?

Cairtchlár	☐	Páipéar	☐	Fuíoll Bia Orgánaigh	☐
Gloine	☐	Plaisteach	☐	Cannaí alúmanam	☐
Cannaí cruacha	☐	Cadhnraí	☐	Fuíoll eile?	☐

Bileog Iniúchta Suímh 2
– Pleanáil do sheomra scoile lasmuigh ar lean.

2

Pleanáil do sheomra scoile lasmuigh

- An bhfuil garrán sailí nó coill ag do scoil? _____
- An bhfuil plandlann crann ag do scoil? _____
- An bhfuil fál sailí beo/cruinneachán/tollán/bealach áirseach ag do scoil? _____
- An bhfuil boscaí ialtóg nó éan ag do scoil? _____
- An bhfuil gnáthóg portaigh ag do scoil? _____
- An bhfuil áit suí lasmuigh ag do scoil? _____
- An bhfuil bailitheoirí uisce ag do scoil? _____
- An bhfuil treilís/áit dreaptha ag do scoil? _____
- An bhfuil foinsí fuinnimh malartacha (m.s. Painéil ghréine, srl) ag do scoil? _____